
Trinity College Dublin
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
The University of Dublin



Roinn na Gaeilge

## An Cúrsa Céime Aononóra sa Luath- agus Nua-Ghaeilge

# Lámhleabhar Bhliain a 2 2021–2022

Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí & na gCultúr
Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta

# ROINN NA GAEILGE 2021 – 2022

## FOIREANN NA ROINNE

| | | |
|---|---|---|
| **Ollamh na Gaeilge** | Folamh | |
| **Ollamh na Luath-Ghaeilge** | An t-Ollamh (Emeritus) Damian McManus (éirithe as) | **Seomra 4056** |
| **Léachtóirí** | An Dr Eoin Mac Cárthaigh (Ceann Roinne) | **Seomra 4061** |
| | An Dr Pádraig de Paor | **Seomra 4059** |
| | An Dr Jürgen Uhlich (comhordaitheoir Erasmus) | **Seomra 4062** |
| **Léachtóirí Páirtaimseartha** | Máire Ní Bháin | **Seomra 4060** |
| | An Dr Deirdre Nic Chárthaigh | **Seomra 4060** |
| | An Dr Christina Cleary | **Seomra 4060** |
| | An Dr Eimear Connick | **Seomra 4060** |
| | An Dr Mícheál Hoyne | **Seomra 4060** |
| **Teagascóirí** | Ariana Malthaner | **Seomra 4060** |
| | Brianán Ní Bhuachalla | |
| | Peter Weakliam | |
| **Riarthóir** | Caoimhe ní Bhraonáin | **Seomra 4055** |

Gheobhaidh tú eolas iomlán faoi Roinn na Gaeilge agus faoinár gcúrsaí ó Riarthóir na Roinne.

| **Oifig ar Oscailt (Seomra 4055)** | **10am - 1pm** | **2pm – 5pm** |
|---|---|---|
| **Luan** | san oifig nó r-phost | r-phost amháin (nibhraoc@tcd.ie) |
| **Máirt** | san oifig nó r-phost | r-phost amháin (nibhraoc@tcd.ie) |
| **Céadaoin** | [Oifig Dúnta] | |
| **Déardaoin** | san oifig nó r-phost | r-phost amháin (nibhraoc@tcd.ie) |
| **Aoine** | san oifig nó r-phost | r-phost amháin (nibhraoc@tcd.ie) |

Tá eolas faoin Roinn le fáil freisin ar láthair Choláiste na Tríonóide ar an idirlíon:
**www.tcd.ie/Irish**
Uimhir theileafóin Riarthóir na Roinne: (896)1450, r-Phost: nibhraoc@tcd.ie
I gcás ar bith nach mbeidh Rialacha Ginearálta an Bhoird do mhic léinn mar atá foilsithe i bhFéilire an Choláiste agus a bhfuil sa Lámhleabhar seo ag teacht le chéile, is ag na Rialacha Ginearálta a bheidh an ceannsmacht.
**Tá leagan leictreonach den lámhleabhar seo ar fáil ach r-phost a chur chuig nibhraoc@tcd.ie.**

**Bliain Acadúil 2021/22**
I mbliana táimid ag súil leis an oiread ranganna agus is féidir a dhéanamh ar an gcampas, ach i ngeall ar shrianta a bhaineann le sláinte poiblí agus Covid-19, gach seans gur ar líne a bheidh cuid mhaith ranganna. Trí ***Blackboard*** agus ***Zoom*** a dhéanfar iad sin mura gcloiseann sibh a mhalairt ón léachtóir.

# AN LUATH-GHAEILGE - CÚRSA AN DARA BLIAIN (20 ECTS)

**TEAGMHÁIL:**
Is é **an Oll. Damian McManus** an ball foirne teagmhála le haghaidh iníonacha/mac léinn na Luath-Ghaeilge sa dara bliain (pmcmanus@tcd.ie).

## AN CLÁR TEAGAISC

**IRU22031 Gluaiseanna Sean-Ghaeilge** (5 ECTS) 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 1.
**Léachtóir:** Jürgen Uhlich.
**Measúnú:** 60% ceachtanna, 40% scrúdú scríofa (scrúdú ranga i S12).
**Leabhair:** J. Strachan & O.J. Bergin, *Old-Irish Paradigms and Selections from the Old-Irish Glosses* (Royal Irish Academy)
R. Thurneysen, *A Grammar of Old Irish* (DIAS)

**IRU2200Y Uraiceacht Gramadaí II** (10 ECTS) 2 u/ch sa tseachtain, Bliain Iomlán.
**Léachtóir:** Christina Cleary (1 u/ch).
**Teagascóir**: Brianán Ní Bhuachalla **(rang teagaisc)** 1 u/ch sa tseachtain
**Measúnú:** 40% ceachtanna, 60% scrúdú scríofa (2 u/ch i seisiún oifigiúil scrúduithe an tsamhraidh)
**Leabhair:** E. G. Quin, *Old-Irish Workbook* (Dublin 1975).
J. Strachan and O. Bergin, *Old-Irish Paradigms and Selections from the Old-Irish Glosses* (Dublin 1949, srl.)
A. Green, *Old Irish Verbs and Vocabulary* (Somerville, MA, 1995)

**IRU22072 Filíocht na Sean-Ghaeilge** (5 ECTS) 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 2.
**Léachtóir:** Jürgen Uhlich. **Measúnú:** 100% scrúdú scríofa (scrúdú ranga i S12)
**Leabhair:** Seachadadh clóscríofa

## ACHOIMRE AR AN MEASÚNÚ:-

**Scrúduithe:**

| | |
|---|---|
| Early Irish – Paper I (2 u/ch) | (60% de) IRU2200Y Uraiceacht Gramadaí II (Scrúdú Samhraidh) |
| Scrúdú Ranga, T1, Seachtain 12 | (40% de) IRU22031 Gluaiseanna Sean-Ghaeilge |
| Scrúdú Ranga, T2, Seachtain 12 | IRU22072 Filíocht na Sean-Ghaeilge |

**Measúnú leanúnach:**

| | |
|---|---|
| Ceachtanna | (60% de) IRU22031 Gluaiseanna Sean-Ghaeilge |
| | (40% de) IRU2200Y Uraiceacht Gramadaí II |

## TORTHAÍ FOGHLAMA

**IRU22031 Gluaiseanna Sean-Ghaeilge:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a dhéanamh i gceart, beidh siad ábalta ar

- gluaiseanna Sean-Ghaeilge a aistriú gan chabhair
- formáid na hanailíse gramadaí ar abairtí iomlána a thabhairt chun cuimhne agus a chur i bhfeidhm ar fhoirmeacha eile Sean-Ghaeilge taobh istigh dá leibhéal chumais
- formáid na hanailíse gramadaí a chur i bhfeidhm ar fhocail Bhéarla agus ar fhocail ó theangacha eile seachas an tSean-Ghaeilge
- gluaiseanna téacsúla, sanasáin agus foclóirí níos cuimsithí a úsáid i gceart

**IRU2200Y Uraiceacht Gramadaí II:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a dhéanamh i gceart, beidh siad ábalta ar

- an tSean-Ghaeilge chlasaiceach ag ardleibhéal a léamh agus a aistriú
- córas casta na mbriathra a thuiscint agus a cur síos a dhéanamh air
- córas na n-athruithe tosaigh a mhíniú agus é a chur i gcomparáid lena chómhaith sa Nua-Ghaeilge
- cur síos mionchúiseach a dhéanamh ar dhíochlaonadh an ainmfhocail sa tSeanGhaeilge agus ar chóras forainmneach na Sean-Ghaeilge
- anailís ghramadaí a dhéanamh, ag baint úsáide as an téarmaíocht chuí, ar abairtí ón tSean-Ghaeilge ag ardleibhéal deacrachta
- scileanna na hanailíse gramadaí a foghlaimíodh ón staidéar ar an tSean-Ghaeilge a chur i bhfeidhm ar theangacha eile seachas an tSean-Ghaeilge
- gluaiseanna téacsúla, sanasáin agus foclóirí níos cuimsithí a úsáid i gceart

**IRU22072 Filíocht na Sean-Ghaeilge:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a dhéanamh i gceart, beidh siad ábalta ar

- filíocht shiollach na Sean-Ghaeilge a aistriú gan chabhair (ar aon leibhéal deacrachta léi sin a ndearnadh staidéar uirthi le linn an chúrsa)
- anailís a dhéanamh ar mheadrachtaí siollacha na Luath-Ghaeilge (aiste ríme, líon na siollaí, uaithne, aicill, uaim, rím inmheánach srl)
- leas a bhaint as torthaí na hanailíse ar mheadracht chun an dán a dhátú go teangeolaíoch
- gluaiseanna téacsúla, sanasáin agus foclóirí níos cuimsithí a úsáid i gceart

# AN NUA-GHAEILGE - CÚRSA AN DARA BLIAIN (20 ECTS)

## AN CLÁR TEAGAISC

**ÉIGEANTACH**

**IRU244Y Ceart agus Labhairt na Teanga** (10 ECTS) 2 u/ch sa tseachtain, Bliain Iomlán.
**Léachtóir:** Eimear Connick
**Measúnú:** 40% scrúdú scríofa, 30% scrúdú béil, 30% ceachtanna
**Leabhair:** T. de Bhaldraithe, *English-Irish Dictionary;* N. Ó Dónaill, *Foclóir Gaeilge-Béarla Gramadach Gan Stró*

**IRU22432 Gaeilge na hAlban** (5 ECTS) 3 u/ch sa tseachtain, Téarma 2.
**Léachtóir:** Eoin Mac Cárthaigh.
**Measúnú:** 60% scrúdú scríofa (1 u/ch), 25% ceachtanna, 15% físeán gearr
**Leabhair:** B. Robertson & I. Taylor, *Gaelic: A complete course for beginners* (Hodder & Stoughton); seachadadh clóscríofa.

**ROGHNACH**

**IRU22511 Nualitríocht** (5 ECTS) 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 1.
**Léachtóir:** Pádraig de Paor. **Measúnú:** 100% aiste. (2,000 – 2,500 focal) [Sprioc: 20.12.21]
**Leabhair:** Le fógairt sa rang

**IRU22421 Litríocht an Bhéaloidis** (5 ECTS) 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 1.
**Léachtóir:** Máire Ní Bháin. **Measúnú:** 100% scrúdú ranga i S12.
**Leabhair:** S. Ó Duilearga (eag.) *Leabhar Sheáin Uí Chonaill* (Brún & Ó Nualláin).
*Leabhair eile a fhógrófar sa rang. Ní gá aon leabhar a cheannach.*

## ACHOIMRE AR AN MEASÚNÚ SA NUA-GHAEILGE

**Scrúduithe:**

| | |
|---|---|
| Scrúdú oifigiúil Samhraidh<br>**Nua-Ghaeilge – Páipéar I (2 u/ch)**<br>**Nua-Ghaeilge – Páipéar II (1 u/ch)** | (40% de) IRU2244Y Ceart agus Labhairt na Teanga<br>(60% de) IRU22432 Gaeilge na hAlban |
| Scrúdú Ranga (seachtain 12), T1 | IRU22421 Litríocht an Bhéaloidis |
| Scrúdú Béil, T2<br>Físeán Gearr, T2 | (30% de) IRU2244Y Ceart agus Labhairt na Teanga<br>(15% de) IRU22432 Gaeilge na hAlban |

**Measúnú leanúnach:**

| | |
|---|---|
| Aiste (2,000 – 2,500 focal) | (100% de) IRU22511 Nualitríocht |
| Ceachtanna | (30% de) IR2244Y Ceart agus Labhairt na Teanga<br>(25% de) IR22432 Gaeilge na hAlban |

Tá an aiste (IRU22511 Nualitríocht) le bheith istigh ar nó roimh **20 Nollaig 2021**.

## TORTHAÍ FOGHLAMA

**IRU22511 Nualitríocht:** I ndiaidh don mhac léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach aige, is éard a bheidh sealbhaithe aige ná

- eolas cuimsitheach ar mhórthéacs de chuid nualitríocht na Gaeilge ón 20ú / 21ú céad.
- labhairt go heolgaiseach agus go léannta ar na coinbhinsiúin agus ar na nósanna a bhaineann le seánra áirithe amháin próis, nó le seánraí éagsúla próis
- tagairt a dhéanamh d'fhoinsí difriúla taighde
- leas a bhaint as sainfhoclóir an chriticis agus na léirmheastóireachta

**IRU22421 Litríocht an Bhéaloidis:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach acu, is éard a bheidh sealbhaithe acu ná

- forléargas leathan ar ghnéithe iliomadacha an bhéaloidis
- tuiscint ar nádúr an tseanscéil agus ar a sheachadadh
- cumas sainmhíniú a dhéanamh ar na seánraí difriúla scéalaíochta sa bhéaloideas
- eolas údarásach ar dheasghnátha agus ar fhéiltí na bliana in Éirinn.

**IRU22432 Gaeilge na hAlban:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach acu, beidh siad ábalta ar:

- na cosúlachtaí agus éagsúlachtaí idir Gaeilge na hÉireann agus Gaeilge na hAlban a aithint
- foghair agus fuaimeanna Ghaeilge na hAlban a thuiscint agus aithris a dhéanamh orthu
- bunchomhrá a bheith aige as Gaeilge na hAlban
- labhairt agus scríobh san aimsir chaite agus san aimsir fháistineach (na briathra rialta ach go háirithe)
- fíorthéacsaí simplí a léamh agus a thuiscint.

**IRU2244Y Ceart agus Labhairt na Teanga:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach acu, is éard a bheidh curtha i gcrích acu ná

- na scileanna scríbhneoireachta, a foghlaimíodh sa chéad bhliain, a bheith forbartha agus doimhnithe go mór
- tuiscint níos géire a bheith bainte amach ar na héagsúlachtaí móra idir dul an Bhéarla agus dul na Gaeilge
- scileanna aistriúcháin a bheith forbartha (Ó Ghaeilge go Béarla, agus ó Bhéarla go Gaeilge)
- eolas sármhaith ar chomhréir na Gaeilge, ar dhíochlaonadh an ainmfhocail agus ar réimniú na mbriathra
- foclóir an-saibhir agus stór focal an-leathan a bheith forbartha
- máistreacht ar fhoghair agus ar fhuaimeanna aon chanúna amháin agus a gceart-úsáid
- sárthuiscint ar an teanga mar atá sí á labhairt ag cainteoirí Gaeilge ó dhúchas
- lánmhuinín as a chumas labhairt as Gaeilge
- tuiscint ar thábhacht na haithrise i sealbhú teanga

### TEAGMHÁIL

Is é **Eoin Mac Cárthaigh** an ball foirne teagmhála le haghaidh iníonacha/mac léinn na Nua-Ghaeilge sa dara bliain (emaccart@tcd.ie).

## a. FREASTAL

Ní mór do mhic léinn freastal ar léachtaí agus ar ranganna an chúrsa, agus ceachtanna agus aistí an chúrsa a scríobh. Má bhíonn siad faillíoch, féadtar é sin a thuairisciú don Léachtóir Sinsearach, agus má dhéantar é sin ag deireadh an dá théarma sa bhliain chéanna, féadann an Léachtóir Sinsearach cead a dhiúltú dóibh na scrúduithe cinn bhliana a sheasamh. Ní mór do gach mac léinn freastal ar, ar a laghad, **dhá dtrian de na léachtaí** agus na ranganna in aon mhodúil ar leith, agus **dhá dtrian den obair scríofa** a bhaineann le haon mhodúl a dhéanamh leis na pointí creidmheasa a bhaint amach don chúrsa agus le nach measfar an iníon / mac léinn a bheith faillíoch.

## b. OBAIR LEANÚNACH / AISTÍ

Moltar do na mic léinn a thabhairt dá n-aire go bhfuil **45%** de mharcanna na dara bliana ag dul **do cheachtanna** agus **d'aistí** a dhéanann siad le linn na bliana. Tá sé **an-tábhachtach** nach ndéanfaidís faillí san obair sin.

Beidh ar na mic léinn aiste amháin, a bheidh idir 2000 agus 2500 focal ar fad, a scríobh i rith na bliana. Tá an aiste (ar IRU22511) le bheith istigh ar nó roimh **20 Nollaig 2021**. Tá cóip leictreonach den aiste le cur chuig **aisti.gaeilge@tcd.ie**.

Gearrfar pionós 5% in aghaidh na seachtaine i ndiaidh an spriocdháta agus ní mór cead speisialta a fháil ón gCeann Roinne. Ní mór don mhac / iníon léinn an aiste a thabhairt don Rúnaí agus foirm oifigiúil ceangailte leis. Foirm ar fáil ag https://www.tcd.ie/Irish/undergraduate/handbooks/index.ga.php

**Aistí – treoir ghinearálta**:

Ní mór d'aistí a bheith slachtmhar, soléite agus clóscríofa le spásáil 1.5 no 2 idir na línte. Fágtar dóthain spáis sna himill le haghaidh nótaí srl.

Bíodh argóint leanúnach san aiste agus tús, lár agus deireadh leis an argóint sin. Abair ag an tús cén dearcadh atá agat nó mínigh go cruinn cad tá fút a dhéanamh. Bain úsáid as tagairtí do bhuntéacsanna / sleachta astu le cur ar son na hargóna; bain úsáid as aistriúcháin ar na sleachta sin más gá. Scríobh conclúid ag an deireadh.

Tabhair tagairtí (i bhfonótaí, nó i nótaí deiridh nó idir lúibíní i dtéacs na haiste féin). Bíodh leabharliosta ag deireadh na haiste le tagairtí in ord aibítre de réir shloinnte na n-údar.

Ní miste úsáid a bhaint as tuairimí scoláirí eile má thugann tú le fios go bhfuil sé sin á dhéanamh agat agus má chuireann tú tagairtí ar fáil; is iad do thuairimí féin is tábhachtaí sa mheasúnú, áfach. Ná fág athfhriotail ina ndílleachtaí uaigneacha i lár théacs na haiste; abair rud éigin fúthu agus figh isteach in argóint na haiste iad. Ná déan bradaíl (féach thíos).

**Tagairtí**:
An córas is fearr ná 'sloinne + dáta + leathanach' agus na sonraí a chur ar fáil sa leabharliosta ag deireadh na haiste. Seo sampla dá leithéid:

> Mar seo a leanas a mhíníonn Aisling Ní Dhonnchadha an forás sin sa ghearrscéal Gaeilge: 'Blah, blah, blah', (Ní Dhonnchadha, 1981, 135-6).

Sa liosta leabhar ag deireadh na haiste, bíodh sé, i gcás leabhair, mar seo :

> Ní Dhonnchadha, A. (1981): *An Gearrscéal sa Ghaeilge.*

Agus i gcás ailt acadúil i leabhar:

> Ó Háinle, C (1978): 'Gnéithe d'ealaín Phádraic Uí Chonaire', *Promhadh Pinn* (lgh. 22 – 31).

## c. BRADAÍL SCOLÁIREACHTA

Moltar do gach mac/iníon léinn polasaí na hOllscoile i dtaobh **Bhradaíl Scoláireachta** ("Plagiarism") a léamh go cúramach. Gheofar an polasaí sin i bhFéilire na hOllscoile (*The University of Dublin Calendar 2021-2022*, General Regulations and Information, cóip de na leathanaigh cuí thíos). Is éard is bradaíl scoláireachta ann, saothar nó tuairimí duine eile (mac léinn nó scoláire) a chur faoi bhráid na hOllscoile mar shaothar/thuairimí de do chuid féin (.i. gan foinse an tsaothair/na dtuairimí sin a lua, is gan aitheantas cuí a thabhairt don té ar leis/léi iad). Ní mór do Roinn na Gaeilge rialacha na hOllscoile a chur i bhfeidhm i gcás mar sin.
Tá an cúrsa ar líne 'Ready Steady, Write' **le comhlíonadh ag gach mac léinn** agus beidh dearbhú ina leith sin le síniú ag gach mac léinn agus obair scríofa á cur isteach acu (ar fáil ag http://tcd-ie.libguides.com/plagiarism/ready-steady-write).

## d. GRÁID*:*

| | | |
|---|---|---|
| I | 70%-100% | freagra/aiste den chéad scoth |
| II.1 | 60%-69% | freagra/aiste an-mhaith |
| II.2 | 50%-59% | freagra/aiste mhaith |
| III | 40%-49% | freagra/aiste shásúil |
| | | |
| F1 | 30%-39% | freagra/aiste mhíshásúil (teip) |
| F2 | 0%-29% | freagra/aiste an-lag (teip) |

Is iad seo a leanas na critéir a chuirtear san áireamh sa mheasúnú:

**Aiste**: feabhas na n-argóintí, cur i láthair (féach thíos), leithne léitheoireachta, cruinneas teanga, líofacht stíle, saibhreas foclóra, cruinneas litrithe.

**Aistriúchán**: dílseacht don bhuntéacs, cruinneas teanga, líofacht stíle, saibhreas foclóra, cruinneas litrithe.

**Anailís**: cruinneas na hanailíse, saibhreas sonraí; an anailís a bheith ag teacht leis an aistriúchán.

**Achoimre ar an measúnú ar aistí:**

| | Téis | Taighde | Argóint | Cur i láthair |
|---|---|---|---|---|
| **Céad onóracha** | smaointeoireacht nua, forbartha go maith | foinsí príomhúla, éagsúlacht foinsí, foinsí cuí | dea-eagraithe, conclúid | stíl shoiléir, gan aon bhotúin chló |
| **Dara honóracha** | forbartha go maith | foinsí tánaisteacha, éagsúlacht | eagraithe, gan aon chonclúid | gá le cúram ó thaobh stíle, comhréire |
| **Pas / Tríú honóracha** | Doiléir | gan ach foinse nó dhó | measartha eagraithe | easpa cúraim tríd síos |
| **Teip** | gan téis a bheith ann | éadomhain | mí-eagraithe | laigí substaintiúla |

## e. DUAISEANNA

(i) **Duais an Leas-Seansailéara**: bronntar duaiseanna (nach fiú níos mó ná €80 an ceann iad) ar an té is fearr aiste a scríobh agus ar an té is fearr dán a chumadh ar theidil a fhoilseofar ag tús na bliana acadúla. Ní mór na hiarrachtaí a chur chuig an Léachtóir Sinsearach roimh 1 Nollaig, 2021.

(ii) **Duais Ceapadóireachta**: bronntar duais ar an mbeirt is fearr aistí a scríobh sa Nua-Ghaeilge le linn na dara bliana.

## f. SCOLÁIREACHT NA FONDÚIREACHTA

Le linn na saoire tar éis na Nollag (tús mí Eanáir), cuirtear na scrúduithe le haghaidh Scoláireacht na Fondúireachta ar siúl. Is ar obair na chéad bhliana agus téarma 1 den dara bliain den chúrsa a bhunaítear na scrúduithe sin. (Féach eolas thíos.)

## g. ROGHANNA

Ní mór do mhic léinn na modúil roghnacha sa Luath agus Nua-Ghaeilge ar mian leo staidéar a dhéanamh orthu sa 3ú bliain a roghnú trí Thairseach na Mac Léinn (*Student Portal*) i rith an tsamhraidh. Tá eolas faoi na modúil ar fáil sa Tairseach freisin.

## i. DEONTAIS GHAELTACHTA

Ní mór do mhic léinn na Nua-Ghaeilge dhá mhí ar a laghad a chaitheamh sa Ghaeltacht sula seasann siad a scrúdú céime sa Nua-Ghaeilge (sa tríú nó sa cheathrú bliain).

Chun cuidiú le mic léinn an riail sin a chomhlíonadh, bronntar uimhir áirithe deontas Gaeltachta i ngach bliain acadúil. Chun cur isteach orthu ní mór do mhic léinn iarratas a dhéanamh ar fhoirm faoi leith i ndeireadh an chéad téarma, agus teacht chuig agallamh nó chuig cruinniú a fhógraítear. Aon duine a roghnaítear dá bharr sin, beidh sé/sí i dteideal ar dheontas ach na coinníollacha cuí a chomhlíonadh. Is í Caoimhe ní Bhraonáin an ball foirne lena ndéanfar teagmháil faoi scéim na ndeontas.

## NÓTAÍ EILE DO MHIC LÉINN I ROINN NA GAEILGE

### SCOLÁIREACHT NA FONDÚIREACHTA DO MHIC LÉINN NA GAEILGE

Foundation Scholarship candidates reading **Early Irish** will take two examination papers, one on Language Competence (three hours), the other on Course Work (one-and-a-half hours). The three-hour paper will test the candidates in a number of ways. Their understanding of complex aspects of Old Irish grammar will be tested by their ability to analyse, under specific headings, glosses they have already read in class, and, more crucially, by the ability to apply the same kind of analysis to unseen and untranslated glosses. Their skills of interpretation and their ability to translate will be tested further by an unseen passage from Early Irish literature. The context to this will be explained to them and they will be given help with specific elements of vocabulary. This test is designed to assess the candidates' understanding of grammar, sentence-structure and idiom, and will be crucial in determining whether they have the skills required for the Foundation Scholarship.
In addition to the application of these practical skills, candidates will be tested on their expertise in explaining specific aspects of morphology, phonology, syntax and orthography, on their control of the grammatical terminology and underlying concepts specific to the analysis of Old Irish, and on their understanding of the position of Old Irish vis-à-vis Modern Irish. The last section of this paper will allow candidates to demonstrate their analytical and interpretative skills in both grammar and metrics on a selection of texts in prose and verse, some of which, in the case of the verse texts, will not have been read in class.
The course-work paper tests the candidates' knowledge of the sources of Early Irish and the saga world of medieval Ireland. Here their responses must be analytic and discursive in nature and must show a keen grasp of the basics as well as a broad range of reading in the secondary sources. Mere listing of facts or relating of incidents from saga material will not be sufficient.

-----------------------------------------------------

**Nua-Ghaeilge**: Déanfar cumas na n-iarrthóirí do Scoláireacht na Fondúireachta a mheas ar dhá pháipéar scrúdaithe, mar atá Cumas Teanga (uair go leith) agus Ábhar an Chúrsa (trí uair a chloig).
Beidh aistriúcháin ó Ghaeilge go Béarla agus ó Bhéarla go Gaeilge le déanamh ar Chumas Teanga. Measfar cumas aistrithe na n-iarrthóirí faoi na ceannteidil saibhreas foclóra, líofacht stíle agus cruinneas teanga (gramadach, litriú, poncaíocht srl.). Ní mór don aistriúchán a bheith dílis don bhuntéacs ar an láimh amháin agus do chor nádúrtha cainte na sprioctheanga ar an láimh eile. Tástálfar máistreacht na n-iarrthóirí ar ghramadach na Gaeilge ar an bpáipéar seo freisin le ceachtanna gramadaí.
Litríocht na Nua-Ghaeilge, an Dán Díreach agus Stair Shóisialta a scrúdaítear ar Ábhar an Chúrsa. Tástálfar cumas na n-iarrthóirí sa léirmheastóireacht chriticiúil i réimse na nualitríochta, idir phrós agus fhilíocht, le haistí léirmheasa. Beidh scileanna ar leith critice le taispeáint ag an iarrthóir chomh maith le leithne léitheoireachta, soiléire argóna agus líofacht stíle. I gcuid an Dána Dhírigh beidh ar na hiarrthóirí rialacha meadarachta a thabhairt chun cuimhne agus a chur i bhfeidhm ar ábhar nár léadh sa rang. Sa Stair Shóisialta ní mór don iarrthóir buntuiscintí a léiriú chomh maith le leithne léitheoireachta sa réimse.
Beidh máistreacht ar an nGaeilge le taispeáint ag na hiarrthóiri sna freagraí ar fad.

## FOINSÍ ÚSÁIDEACHA: ACADÚIL

- An Leabharlann – féach www.tcd.ie/library le teacht ar an gcatalóg
- www.teanglann.ie – foclóirí na Gaeilge in aon suíomh amháin, cúnamh gramadaí leis.
- www.focloir.ie – suíomh don bhfoclóir Béarla -Gaeilge
- www.tearma.ie – foclóir téarmaíochta ar-líne, foinse mhaith do théarmaí nua-aoiseacha, ach bheadh gá le Ó Dónaill / de Bhaldraithe don ghnáth-fhoclóir laethúil (www.focloir.ie / www.teanglann.ie).
- www.edil.ie eDil – Dictionary of the Irish Language, leagan in chuardaigh ar-líne, úsáideach do lucht na Luath-Ghaeilge go háirithe.
- Gaeilge na hAlban: Féach www.smo.uhi.ac.uk agus www.bbc.co.uk/scotland/alba le teacht ar ábhar breise.

## FOINSÍ ÚSÁIDEACHA: SAOL AN CHOLÁISTE

**Do thiúitéir**: Is é/í do thiúitéir nó d'oide an nasc idir tú agus oifigí an Choláiste. Má bhíonn nótaí tinnis agat, fadhbanna pearsanta nó fadhbanna acadúla, cuirfidh an tiúitéir tacaíocht ar fáil duit ar bhonn rúnda.
Féach www.tcd.ie/Senior_Tutor/your_tutor le teacht ar thuilleadh eolais.

**Comhairleoireacht**: Tá comhairleoirí ar fáil sa Choláiste le cuidiú le mic léinn ar bhealaí éagsúla, nuair a bhíonn deacrachtaí pearsanta nó deacrachtaí acadúla acu.
Féach www.tcd.ie/Student_Counselling le teacht ar thuilleadh eolais.
Agus féach http://student2student.tcd.ie/ le treoir níos ginearálta a fháil ó mhic léinn eile sa choláiste. Pléann an dá dhream seo le réimse leathan ábhar; strus, aistí a scríobh (in am!), lionn dubh, nótaí a ghlacadh, srl.

**Seirbhísí do mhic léinn le míchumais**: Cuireann an oifig seo tacaíocht agus réimse seirbhísí ar fáil do mhic léinn a bhfuil míchumas de chineál ar bith acu, agus dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí foghlama acu. Féach an suíomh www.tcd.ie/disability/ le teacht ar eolas eile.

**An tSeirbhís Ghairmthreorach**: Tá píosa ar leith thall faoin oifig seo. Is í Orlaith Tunney an príomhdhuine a bhíonn ag plé le mic léinn i Roinn na Gaeilge.
Féach www.tcd.ie/careers/ le teacht ar aon eolas eile.

**Aontas na Mac Léinn**: Cuireann Aontas na Mac Léinn réimse seirbhísí ar fáil, idir seirbhísí leasa an mhic léinn agus cúrsaí siamsaíochta. Féach www.tcdsu.org.

**An Cumann Gaelach**: Eagraíonn an Cumann céilithe, grúpaí amhránaíochta, ranganna rince seite, bunranganna Gaeilge d'eachtrannaigh, deirí seachtaine as baile agus Féile mhór na hÉigse. Féach
www.cumann.ie

**Oifig na Gaeilge**: Tá Oifig na Gaeilge ann chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa Choláiste, i measc na foirne agus i measc na mac léinn. Cuireann an Oifig seirbhísí agus eolas ar fáil do phobal an Choláiste – scéimeanna cónaithe Gaeilge na mac léinn ina measc.
www.tcd.ie/gaeloifig

**I gcás éigeandála**, tá Seirbhísí Slándála an Choláiste ar fáil ar x1999 (01 896 1999).

Tá cur síos ar an g**Córas ECT** (European Credit Transfer and Accumulation System = ECTS) i Lámhleabhar na Scoile.

Eolas faoi '**Bhradaíl Liteartha**' faoi mar atá leagtha síos i bhFéilire an Choláiste (**Calendar Statement on Plagiarism for Undergraduates - Part II, 82-91**)
https://www.tcd.ie/calendar/undergraduate-studies/general-regulations-and-information.pdf#plagiarism

Agus faoi na himpleachtaí a bhaineann le bradaíl: http://tcd-ie.libguides.com/plagiarism/levels-and-consequences#s-lg-box-wrapper-9089155 Féach tuilleadh eolais i Lámhleabhar na Scoile.